Scéim Eisíocaíochta 2017-2019

1. Réamhrá

Cuireann Acht na gCuntas Díomhaoin 2001 agus an tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003 agus Achtanna na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005 go 2012 creat ar fáil do riar cuntas neamhéilithe in institiúidí creidmheasa (i.e. bainc, cumainn foirgníochta agus An Post) agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe i ngnóthais árachais. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta sealbhóirí polasaithe/cuntas a thabhairt le chéile lena gcistí in institiúidí creidmheasa/gnóthais árachais agus chuige sin tá dualgas ar institiúidí/ghnóthais céimeanna a ghlacadh chun úinéirí na gcuntas díomhaoin agus na bpolasaithe árachais saoil neamhéilithe a aithint agus dul i dteagmháil leo.

Aistríonn an institiúid airgeadais/gnóthas árachais cistí díomhaoin/polasaithe árachais saoil neamhéilithe, nach bhfuil aiséilithe ag bunsealbhóir an chuntais/pholasaí nó a dtairbhithe, gach bliain chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin (an Ciste) atá á bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Tarlaíonn an t-aistriú airgid ar an mbonn go mbeidh ceart ráthaithe ag an úinéir tairbhiúil a m(h)aoin a aiséileamh ag am ar bith amach anseo.

Rinne Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2012 díscaoileadh ar Bhord na gCuntas Díomhaoin agus aistríodh leis feidhmeanna reachtúla Bhord na gCuntas Díomhaoin chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aistríodh na feidhmeanna sin ina dhiaidh sin chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta in 2016.

Forálann Acht 2012 gur féidir airgead i gcuntais Chiste na gCuntas Díomhaoin a eisíoc i gcomhréir le Cuid 6 d'Acht 2012, ón gcuntas, ach ar mhaithe amháin le cuspóirí na gclár nó na dtionscadal a thacaíonn le:

1) forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta;
2) forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil; nó
3) daoine atá faoi mhíchumas.

Ní mór don Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Eisíocaíochta de thréimhse suas le 3 bliana - a shonraíonn na haidhmeanna atá le baint amach trí eisíocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste agus na straitéisí chun na haidhmeanna sin a bhaint amach - a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais.

Clúdaíonn an scéim seo an tréimhse go deireadh 2019 agus tagann sí in áit Scéim Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin 2013-2016. Ullmhóidh an tAire Plean Gníomhaíochta gach bliain chun éifeacht a thabhairt don Scéim Eisíocaíochta. Ní mór don Aire athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim laistigh de 3 bliana.

2. Prionsabail Threoracha

Tá an scéim seo dréachtaithe i gcomhréir leis na prionsabail threoracha seo a leanas:

<u>Breisíocht</u>

A mhéad is féidir, déanfar eisíocaíochtaí as an gCiste ar mhaithe le cúiseanna atá sa bhreis ar ghnáthchaiteachas an rialtais, seachas mar ionadach ar an gcaiteachas sin, go háirithe do thionscadail nach dtabharfaí fúthu d'uireasa an mhaoinithe seo.

Comhoiriúnacht le Polasaí an Rialtais

Tabharfaidh an leithdháileadh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin san áireamh polasaithe agus tosaíochtaí an Rialtais i réimse an mhíbhuntáiste eacnamaíoch, shóisialta agus oideachasúil.

Tionchar

Tacóidh an leithdháileadh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin le cláir nó tionscadail ar féidir leo difríocht fhollasach a dhéanamh agus éifeachtaí inbhraite a bhaint amach ar mhaithe le daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, nó daoine atá faoi mhíchumas.

Inbhuanaitheacht

Ba cheart cistí a eisíoc le cláir nó tionscadail a bhfuil an cumas iontu bheith inbhuanaithe amach anseo. Tabharfar aird ar thionscadail a léiríonn gné de thacaíocht áitiúil.

Daonchairdeas agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Déanfar breithniú ar thionscadail nó ar chláir a mheallann maoiniú daonchairdis nó tacaíocht trí chláir Fhreagrachta Shóisialta Chorparáideacha, nó a mheall roimhe seo, faoi gach ceann de na trí théama - míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, míbhuntáiste oideachasúil agus míchumas.

Luach ar Airgead

Ní mór go gcuirfeadh tionscadail agus cláir a fhaigheann maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin luach ar airgead ar fáil agus níor cheart go ndéanfaidís dúbláil ná easáitiú ar thionscadail nó ar chláir atá cosúil leo.

Fianaise de Ghá

Ní mór go léireoidh iarratasóirí ar Chiste na gCuntas Díomhaoin gá soiléir agus sainaitheanta don mhaoiniú.

Fianaise d'Acmhainn an Ghrúpa nó na hEagraíochta

Beidh ar an ngrúpa nó an eagraíocht atá ag cur an tionscadal nó an clár chun cinn, agus atá le maoiniú as Ciste na gCuntas Díomhain, a léiriú go bhfuil sé/sí in ann tabhairt faoin tionscadal agus é a bhainistiú ar bhealach a chinnteoidh go n-éireoidh leis.

An Próiseas Riaracháin

Cé gur gá go mbeadh an próiseas riaracháin don chlár/tionscadal láidir, níor cheart go gcuirfeadh sé ualach míchuí ar an iarratasóir.

3. Tosaíochtaí de réir Réimse agus an Straitéis chun Aidhmeanna a bhaint amach

Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta

Aidhm Straitéiseach: Cuidiú le tionscadail agus cláir nuálacha atá leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta.

- Dífhostaíocht: Bearta atá leagtha amach chun tacú le daoine atá dífhostaithe agus gníomhartha chun freastal ar riachtanais dhaoine atá dífhostaithe le fada.

- Féinmharú: Cúnamh chun déileáil le fadhbanna a bhaineann le féinmharú agus/nó féindochar i sochaí na hÉireann, go háirithe trí chosc agus trí chomhairleoireacht.

- Cúramóirí: Cúnamh do sholáthar áiseanna cúram faoisimh, agus seirbhísí agus bearta atá leagtha amach chun seirbhísí oiliúna agus tacaíochta a chur ar fáil do chúramóirí teaghlaigh.

- Leanaí: Cúnamh d'fhorbairt agus do sholáthar clár agus áiseanna do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear aird ar riachtanais faoi leith agus ar dheacrachtaí rochtana do leanaí agus do dhaoine óga le riachtanais speisialta.

- Daoine Óga: Cúnamh chun cláir agus áiseanna óige agus pobail a chur ar fáil, go háirithe cláir agus áiseanna atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha daoine óga agus ar dhaoine óga i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

- Infhostaitheacht Daoine Óga: Cúnamh le hobair, taithí oibre agus tionscnaimh eile do dhaoine óga a chuireann an fhostaíocht don óige, an infhostaitheacht agus an fhiontraíocht chun cinn.

- Easpa Dídine: Cúnamh le háitribh a sholáthar i leith áiseanna neamhchóiríochta ar nós ionaid buail isteach/ionaid lae ina gcuirtear seirbhísí tacaíochta cuí ar fáil do dhaoine atá gan dídean.

Daoine Breacaosta: Cúnamh le bearta a sholáthar atá ceaptha le tacú le daoine breacaosta, e.g., ionaid cúram lae, ionaid acmhainní pobail agus áiseanna faoisimh.

- Mí-Úsáid Substaintí/Cosc ar Mhí-Úsáid Substaintí: Cúnamh do chláir nó tionscadail roghnaithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid substaintí agus cosc ar mhí-úsáid substaintí.

- Cláir Dhaonchairdis agus Cláir um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach: Comhar le heagraíochtaí daonchairdis nó eagraíochtaí eile i gcomhthéacs a straitéisí i dtaca le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, ar aon chláir/tionscadail a fhéachann le aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil.

- Fiontar Sóisialta/Nuálaíocht: Cúnamh le haghaidh cláir nó tionscadail roghnaithe ar féidir leo fostaíocht a chruthú nó a fheabhsú nó ar féidir leo méadú, go háirithe i bpobail tuaithe.

Míbhuntáiste Oideachasúil

Aidhm Straitéiseach:

Is é an aidhm straitéiseach cabhrú le cláir nó tionscadail a sháraíonn na bacainní a eascraíonn as míbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch agus a chuireann cosc ar fhoghlaimeoirí tairbhe chuí a bhaint as oideachas.

Roghnófar tionscadail ó na spriocréimsí seo a leanas:

- Tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta.
- Tionscnaimh oideachais réamhscolaíochta.
- Tionscnaimh Scileanna agus Tionscnaimh Oideachais/Oiliúna Aosach nó Breisoideachais/Breisoiliúna
- Tionscnaimh spriocdhírithe oideachais do mhic léinn ón Lucht Taistil nó mic léinn Nuathagtha, lena n-áirítear cláir idirchultúrtha agus teanga de réir mar is cuí, lena rannpháirtíocht san oideachas príomhshrutha a fheabhsú.
- Cláir agus tionscnaimh choinneála scoile lena n-áirítear cláir réamhscoile agus iarscoile agus cláir shamhraidh agus shaoire d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil.
- Feabhas ar áiseanna leabharlainne i scoileanna faoi mhíbhuntáiste.
- Daonchairdeas agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach: Comhar le heagraíochtaí daonchairdis nó eagraíochtaí eile i gcomhthéacs a straitéisí i dtaca le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, ar aon chláir/tionscadail a fhéachann le aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil.
- Tionscnaimh spriocdhírithe chun tacú le rannpháirtíocht in ardoideachas do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas faoi láthair, agus chun tacú le cur i gcrích an oideachais sin.
- Tionscadail spóirt.
- Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil i scoileanna.

Daoine atá faoi Mhíchumas.

Aidhm Straitéiseach: Éifeacht a thabhairt do sprioc an Rialtais cinnte a dhéanamh go bhfuil ról níos gníomhaí ag daoine atá faoi mhíchumas (mar atá sainithe san Acht um Stádas Comhionann 2000) sa tsochaí agus a leibhéal neamhspleáchais a mhéadú.

Le linn tréimhse na Scéime seo, d'fhonn cabhrú le daoine atá faoi mhíchumas, d'fhéadfaí tacú le cláir nó tionscadail ó na réimsí seo a leanas:

- Cúnamh le bearta lena bhfeabhsaítear cumhachtú agus lena gcuirtear comhionannas dhaoine atá faoi mhíchumas chun cinn;

- Níos mó roghanna iompair, rochtana agus soghluaisteachta comhtháite a sholáthar;

- Deiseanna maireachtála neamhspleáiche agus deiseanna maireachtála chuidithe neamhspleáiche a sholáthar;

- Seirbhísí cuí breise/feabhsaithe a sholáthar;

- Cúnamh d'fhonn an míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch a bhraitheann daoine atá faoi mhíchumas a laghdú;

- Comhar le heagraíochtaí daonchairdis nó eagraíochtaí eile i gcomhthéacs a straitéisí i dtaca le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, ar chláir/thionscadail a fhéachann le cabhrú le daoine atá faoi mhíchumas nó daoine atá ina gcónaí le daoine atá faoi mhíchumas nó ag tabhairt aire dóibh; agus

- Cúnamh le bearta chun nuálaíocht a léiriú, a mheas agus a chur chun cinn i soláthar tacaí agus seirbhísí dírithe ar an duine.

- Bearta breise anuas orthu siúd atá leagtha amach in áiteanna eile sa Scéim seo, chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas.

4. Prionsabail Fhorfheidhmithe don Phlean Gníomhaíochta

Ar a laghad uair sa bhliain, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, an tAire Coimirce Sóisialaí, an tAire Sláinte agus Airí agus daoine eile de réir mar is cuí, éilítear ar an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Plean Gníomhaíochta a ullmhú d'fhonn an Scéim Eisíocaíochta a chur i bhfeidhm mar atá ceadaithe ag an Rialtas.

Sa Phlean Gníomhaíochta bíonn na cláir nó cineálacha na dtionscadal ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar eisíocaíochtaí ón gCiste agus uasmhéideanna na gcistí atá ar fáil faoi gach clár. Féadfaidh Airí Rialtais iarratais ar eisíocaíochtaí a lorg i leith chláir/thionscadail sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta atá faoina sainchúram.

Nósanna Imeachta Iarratais

Ba chóir go mbeadh an próiseas iarratais bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- tá cláir le bheith fógartha agus critéir incháilitheachta curtha ar fáil;
- tá foirmeacha iarratais le bheith hachomair, simplí, ábhartha agus nótaí treoracha soiléire ag gabháil leo;
- ní mór iarratais a admháil go pras agus amscála a thabhairt san admháil maidir le breithniú na n-iarratas; agus
- ba chóir iarratais ar chur i bfheidhm céimnithe a spreagadh.

Nósanna Imeachta Measúnaithe/Roghnúcháin

Déanfar iarratais ar eisíocaíochtaí a mheas de réir na gcritéar measúnaithe foilsithe i leith gach gairm ar iarratais.

Ní mór go mbeidh an méid seo a leanas san áireamh le critéir mheasúnaithe/roghnúcháin:

- An méid a thugann an tionscadal/clár aghaidh ar spriocanna na reachtaíochta mar atá leagtha amach in alt 41 d'Acht 2012, (cláir nó tionscadail chun cabhrú le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, agus daoine atá faoi mhíchumas):
  - cumas inbhuanaitheachta an tionscadail/chláir;
  - luach ar airgead an tionscadail/chláir;
  - a mhéid is atá torthaí sonracha an tionscadail/chláir aitheanta;
  - tionchar fadtéarmach féideartha an tionscadail/chláir;
  - amscála an tionscadail/chláir, (cé go mb'fhéidir go mbeadh cistiú athfhillteach i gceist le tionscadail/cláir áirithe thar roinnt blianta);
  - méid an chómhaoinithe nó na giarála de chómhaoiniú príobháideach, le tagairt faoi leith do chistiú daonchairdis;
  - a mhéid is atá meicníochtaí seachadta aitheanta;
  - a mhéid is atá tionscadail/cláir soiléir agus a bhfuil spriocanna, costáil réalaíoch agus amscálaí san áireamh leo;
  - a mhéid is atá sé de chumas ag tionscadail/cláir difir a dhéanamh don spriocghrúpa;
  - líon na ndaoine is dócha a bhainfidh tairbhe dhíreach as (beidh buntáiste ag tograí a théann chun tairbhe do líon suntasach daoine);
  - a mhéid a chomhlánann sé cláir agus spriocanna an Rialtais, agus a léirítear naisc le soláthróirí ábhartha reachtúla nuair is cuí;

- a mhéid is atá próisis mheasúnaithe ionchorpraithe d’fhonn torthaí/tionchar an chláir thar am a thomhas.

Sainaithint Cistithe

Beidh sé ina riachtanas d’fhaighteoirí go mbeifear in ann na cistí a fhaightear a aithint go sonrach mar chistí a tionscnaíodh as Ciste na gCuntas Díomhain.

6. Nósanna Imeachta Cuntasaíochta an Rialtais maidir le hEisíocaíochtaí

Déanfar an scéim a riar i gcomhréir le nósanna imeachta cuntasaíochta an Rialtais agus beidh gach Aire cuntasach as riar a chláir/cláir agus scéimeanna féin.